# Patrúin agus Seichimh

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas – cuntas, oibríochtaí, suimiú, dealú, roinnt, iolrú, rialacha agus airíonna, patrúin agus gaolta<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht* |
| **Próisis** | **Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• teanga mhatamaiticiúil a thuiscint agus a bheith in ann í a úsáid lena gcuid oibre a phlé agus a smaointeoireacht a mhíniú<br>**Réasúnú Matamaiticiúil**<br>• torthaí a sheiceáil agus a mheas le feiceáil an luíonn siad le réasún |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | seicheamh uimhreacha, patrún, riail, oibríocht, ionchur, aschur |
| **Áiseanna** | ábhair choincréiteacha, cláir bhána |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

Taispeánann an múinteoir seicheamh simplí ag úsáid ábhair choincréiteacha, mar shampla cipíní, cipíní fiacla, ciúbanna srl. Iarrtar ar dhaltaí an chéad chuid eile den tseicheamh a leanúint. I ndiaidh cúpla iarracht de chur leis an tseicheamh, iarr ar na daltaí an riail a shainaithint.

### 1 Gníomhaíocht 1

Iarr ar dhaltaí a seicheamh féin a chruthú sa dóigh go leanfaidh a gcomhscoláire é agus go sainaithneoidh sé an riail.

### 2 Gníomhaíocht 2

Pléigh na rialacha difriúla atá feicthe ag na daltaí maidir lena seichimh éagsúla. Ceistigh an tslí ar féidir na rudaí a scríobh ag úsáid uimhreacha. Mar shampla, riail fhéideartha ná iolraigh faoi 2 agus móide 1. Mínigh gur féidir na rialacha sin a léiriú ag úsáid innill fheidhme le huimhir ionchuir agus aschuir. Taispeáin é seo don rang.

Ionchur 4 → X 2 → +5 → Aschur →

Tarraingíonn daltaí a n-inneall feidhme féin leis na rialacha do na seichimh a chruthaigh siad a léiriú. Ansin, thig leo an uimhir ionchuir a ríomh ón aschur áirithe ag úsáid oibríochtaí inbhéartacha. Lig do dhaltaí rialacha inneall feidhme éagsúla a fhiosrú ag úsáid ionchuir agus aschuir áirithe.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad é an chéad uimhir eile sa tseicheamh seo?<br>• Cén uimhir atá ar iarraidh ón tseicheamh seo?<br>• Cad é ionchur an innill feidhme seo?<br>• Cad é an riail don tseicheamh nó don inneall fheidhme seo? | • Mínigh cad chuige a bhfuil x ar iarraidh.<br>• Déan cur síos ar an rud a tharlaíonn do na huimhreacha leis an inneall fheidhme seo. |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.

Socraigh méid, raon agus líon rialacha don inneall fheidhme de réir ábaltacht an dalta. Thig le daltaí seichimh a chruthú ón inneall fheidhme áirithe nó óna gceann féin.